Comhairle Chontae na Gaillimhe

**Spriocdháta Dé Céadaoin 27 Márta 2024**

# COMÓRTAS PÓSTAEIR IN AGHAIDH AN BHRUSCAIR 2024




**TÁ COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE AG TABHAIRT CUIREADH DO CHÓNAITHEOIRÍ INA LIMISTÉAR FEIDHME PÁIRT A GHLACADH I GCOMÓRTAS PÓSTAEIR IN AGHAIDH AN BHRUSCAIR**

**AGUS DO PHÓSTAER Á DHEARADH AGAT, NÍ MÓR DUIT SMAOINEAMH AR CHEANN DE NA TÉAMAÍ SEO A LEANAS:**

1. BRUSCAR AR THAOBH AN BHÓTHAIR
2. BRUSCAR TRÁ
3. NÁ CAITH BRUSCAR!
4. COINNIGH GAILLIMH SAOR Ó BHRUSCAR
5. FEACHTAS IN ÉADAN SALÚ AG MADRAÍ

**AN-CHUID DUAIS-EANNA**

## AOISGHRÚPAÍ

Bronnfar duaiseanna sa 1ú, 2ú agus 3ú háit agus duaiseanna sa dara háit ar iontrálacha 6 bliana d'aois agus faoi, 8 mbliana d'aois agus faoi, 10 mbliana d'aois agus faoi, 12 agus faoi, 13-18, agus os cionn 18 mbliana d'aois.

## BUAITEOIR FORIOMLÁN

Roghnófar buaiteoir foriomlán amháin as gach iontráil.

## SEARMANAS BRONNTA

Reáchtálfar searmanas bronnta in Áras an Chontae, Foirgnimh an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh i mí na Bealtaine 2024 (Dáta Le Deimhniú) áit a bhfaighidh na buaiteoirí ar fad a gcuid duaiseanna agus a mbreathnóidh siad ar na hiontrálacha a bhain.

## CONAS IONTRÁIL A DHÉANAMH

Seol póstaeir ar aghaidh sa phost nó seol chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh H91H6KX roimh 4i.n. Dé Céadaoin, an 27 Márta 2024 agus "Faoi Bhráid Mark Molloy, Comórtas Póstaer" marcáilte air.

## TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

1. Is é an spriocdháta don chomórtas seo ná Dé Céadaoin, an 27 Márta 2024. Ní chuirfear iontrálacha a chuirfear isteach tar éis an dáta deiridh san áireamh.
2. Níor chóir go mbeadh póstaeir níos mó ná A3.
3. Caithfidh iontrálaithe Ainm, Seoladh, Grúpa más infheidhme, Catagóir aoise agus uimhir fóin a chur san áireamh ar chúl an phóstaeir.
4. Má tá tú faoi bhun 16 bliana d'aois, ní mór gurb í an uimhir theileafóin a chuirtear ar fáil uimhir an tuismitheora/chaomhnóra/ nó an cheannaire grúpa.
5. D'fhéadfaí póstaeir a chuirtear isteach a úsáid i bhfeachtais In Aghaidh an Bhruscair sa Chontae amach anseo.
6. Déanfar breithiúnas ar iontrálacha an chomórtais tar éis an dáta deiridh. Tá gach cinneadh a dhéanann an Painéal Breithiúnachta críochnaitheach.
7. Déanfar teagmháil dhíreach leis na buaiteoirí.
8. Ní rachfar i dteagmháil le hiontrálacha nár éirigh leo maidir le toradh an chomórtais.

Tá tú ag cur do chuid eolais ar fáil don Rannóg Comhshaoil, Comhairle Chontae na Gaillimhe, a riarfaidh agus a dhéanfaidh moltóireacht ar an gcomórtas. Foilseofar ainmneacha na mbuaiteoirí ar líne agus sonrófar ar fud na gcainéal meán sóisialta nó na meán clóite. Ní mór don Bhuaiteoir aontú gur féidir a n-ainm, a n-íomhá agus a n-iontráil a bheith úsáidte in aon ábhar poiblíochta. Úsáidfear aon sonraí pearsanta a bhaineann leis an mbuaiteoir, nó aon iontrálaithe eile de réir na reachtaíochta reatha um chosaint sonraí agus ráiteas príobháideachais Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá ar fáil le feiceáil ag **https://www.galway.ie/en/services/environment/privacystatement/**

Ní nochtfar aon fhaisnéis do thríú páirtí gan toiliú an iontrálaí roimh ré.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council